# Cogar
## Deardaoin 15-05-2025
## Nuachtlitir
## Gaelscoil Thiobraid Árann

062-31240: 087-7403949
E-mail: tgaelscoil@yahoo.ie
Facebook Gaelscoil Thiobraid Árann

Fáilte chuig 'Cogar' a cháirde! An bhfuil aon deireadh leis an dea-haimsire?! Tá súil againn go bhfuil sibh ag baint taitneamh agus tairbhe as. Seachtain deacair do Mhúinteor Eoghan a bhí ann. Tá a dhaltaí ag piocadh air de bharr an cluiche mhór idir Phort Láirge agus Tiobraid Árann ar an Domhnach. Cífimid ar an Luan cé a mbeidh cuis gáire acu - - - -

- ***Seomra Lasmuigh:***

Ba mhaith linn an deis a bhaint le linn na dea haimsire, cruth a chur ar ár seomra lasmuigh. Tá sé suite sa chúirt in aice an Naíonra. Buail isteach agus féachaigí air. Ba bhreá linn comhairle a fháil ar conas é a mhaisiú. Nó b'fhéidir go bhfuil acmhainní agat sa mbaile a cabhródh. Táimid ag lorg ciseáin crochta, scáthán, potaí, bláthanna, binsí agus go leor eile. B'fhéidir gur féidir leat cabhair a thabhairt le péinteáil nó garraídóireacht fiú? Bheimís buíoch as aon chabhair!!

- ***Snámh:***

Bhíomar an-shásta leis an snámh an tseachtain seo caite. Déan cinnte go bhfuil mála snámha ag do pháiste gach Aoine le spéaclaí snámha, túáille, cuaráin srl. Beidh dhá sheisiún snámha:

**Rang 4, 5, 6: 1.00 i.n.—1.40 i.n.** **Rang 1, 2, 3: 1.45 i.n.—2.25 i.n.**

Beidh Rang 1, 2, 3 le bhailiú ón linn snámha gach Aoine ó 2.35 i.n. Bailigh do pháiste ón linn snamha roimh do pháistí eile a bhailiú ón scoil. Nil cead suí amach as ranganna snámha gan teastas dochtura mar gur chuid den gcuraclam Corpoideachas í.
Costas €20 do pháiste amháin, €35 do bheirt, €50 do triúr srl le híoc ar Aladdin muna bhfuil sé íochta cheana féin agat.

- **Turasanna Scoile:**

Tá na turasanna scoile eagraithe anois agus na sonraí thíos:

- *Naíonáin Bheaga - Rang 2: Marlhill, 19ú Meitheamh, €25*
- *Rang 3—Rang 6: West Lake Aqua Park, Killaloe, 23ú Meitheamh, €35*

Tá íocaíocht le déanamh ar Aladdin. Má tá fadhbanna ag aon duine i leith cúrsaí airgeadra, labhair le Múinteoir Eoghan go príobháideach.

- ***Culaith Reatha:***

Meabhrúchán gurb í an Aoine an lá corpoideachas anois do ghach rang. Tá cead na culaith reatha a chaitheamh anois gach Luan agus gach Aoine.

***Gaeilge na Seachtaine:***

seomra ranga (*sho-mra ron-a*) classroom

cosán (*cos-awn*) footpath

crannchur (*crown-cur*) raffle

- ***Breithlá:***

Darragh, Naí Shóis: 6 bliana d'aois

Aoibhí Ní Ch, Naí Shóis: 6 bliana d'aois

Our Fundraiser

- ***School Lotto:***

Comhghairdeachas ó chroí le JMairéad Ui Mhurchú a bhuaigh €20 le déanaí.

Tá an pota ór anois ag €575.

www.ourfundraiser.ie/org/gsthiobraidarann

- ***Gaeilgeoir na Seachtaine:***

Seomra Múinteoir Caoimhe: Willow

Seomra Múinteoir Bríde: Arthan

Seomra Múinteoir Máiréad: Daisy Mae

Seomra Múinteoir Órla: Jayna

Seomra Múinteoir Eoghan: Layla